*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach, Fertilizers Europe

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar leataobh;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1688 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí meascán úiré agus níotráite amóiniam de thionscnamh na Rúise, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ([1]) a chur ar neamhní i bpáirt a bhaineann leis an gcéad chuid, an dara, an tríú agus an ceathrú cuid den chéad saincheist dlí chomh maith leis an gcéad chuid agus an ceathrú cuid den cheathrú saincheist dlí a chuir na hachomharcóirí chun cinn ina gcaingean os comhair na Cúirte Ginearálta, ós rud é go gceadaítear le staid na n-imeachtaí a leithéid;

— mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh athbhreithniú;

— a ordú don Choimisiún costais an achomhairc seo agus na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Maíonn an t-achomharcóir cúig shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid maidir le léiriú Airteagal 2(9) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([2]) ("an bun-Rialachán").

An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta go mícheart go raibh sárú líomhnaithe an Choimisiúin ar Airteagal 2(3) go (5) den bhun-Rialachán do-ghlactha, gur sháraigh sí cumhacht athbhreithnithe bhreithiúnaigh, gur mhainnigh sí aghaidh a thabhairt ar éileamh na n-achomharcóirí agus go ndearna sí earráid maidir le léiriú Airteagal 2(10) agus/nó Airteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán.

An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí maidir le léiriú Airteagail 5(1), 5(3), 5(6), 5 (9) agus 7(2)(a) den bhun-Rialachán.

An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear nár thug an Chúirt Ghinearálta aghaidh ar an bhfianaise nó gur shaobh sí an fhianaise trína chinneadh gur léirigh an gearán go raibh déphraghsáil ann sa Rúis.

An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur shaobh an Chúirt Ghinearálta brí shoiléir na fianaise a cuireadh isteach agus gur sháraigh sí a dualgas cúiseanna a lua trína chinneadh nach ionann ceannacháin gáis nádúrtha fhóirdheonaithe in Oileán na Tríonóide agus Tobága agus scéim déphraghsanna de réir bhrí Airteagal 7(2)(a) den Bhun-Rialachán agus go ndearnadh earráid ina léiriú.

([1]) IO 2019 L 258, lch. 21.
([2]) IO 2016 L 176, lch. 21.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil) arna taisceadh an 24 Samhain 2022 — Associazione Nazionale Italiana Bingo — Anib, Play Game Srl v Ministero dell'Economia e delle Finanze, Agenzia delle Dogane e dei Monopoli**

**(Cás C-728/22)**

(2023/C 94/16)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Associazione Nazionale Italiana Bingo – Anib, Play Game Srl

*Cosantóirí:* Ministero dell'Economia e delle Finanze, Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gá Treoir 2014/23/AE maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain ([1]) agus na prionsabail ghinearálta a eascraíonn as an gConradh, go háirithe Airteagail 15, 16, 20 agus 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 8, 49, 56, 12, 145 agus 151 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a léiriú sa chiall go bhfuil feidhm acu maidir le lamháltais chun an cluiche Biongó a reáchtáil a deonaíodh trí nós imeachta roghnaitheach in 2000, a chuaigh in éag agus ar cuireadh síneadh lena n-éifeachtaí arís agus arís eile ina dhiaidh sin le forálacha reachtacha a tháinig i bhfeidhm tar éis theacht i bhfeidhm na treorach agus tar éis dhul in éag na tréimhse chun í a thrasuí?

2) I gcás freagra dearfach ar an gcéad cheist, an gcuirtear cosc le Treoir 2014/23/AE ar léiriú nó ar chur i bhfeidhm forálacha reachtacha náisiúnta, nó cleachtais cur chun feidhme ar bhonn na bhforálacha sin, ar bhealach a bhainfeadh den riarachán an lánrogha chun nós imeachta riaracháin a thionscnamh, arna iarraidh sin ag na páirtithe leasmhara, arb é is aidhm dó leasú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le lamháltais a fheidhmiú, le nós imeachta nua dámhachtana nó gan é, ag brath ar cé acu a aicmítear nó nach n-aicmítear athchaibidlíocht na cothromaíochta conarthaí mar athrú substaintiúil, i gcásanna ina dtarlaíonn teagmhais gan choinne agus neamh-intuartha nach bhfuil inchurtha i leith na bpáirtithe agus a dhéanann difear suntasach do na gnáthdhálaí riosca oibriúcháin, fad is a leanann na coinníollacha sin de bheith ann agus chomh fada agus is gá chun na coinníollacha bunaidh maidir le feidhmiú na lamháltas a athbhunú, más féidir?

3) An gcuirtear cosc le Treoir 89/665/CE, ([2]) arna leasú le Treoir 2014/23/AE, ar léiriú nó ar chur i bhfeidhm forálacha náisiúnta nó cleachtais cur chun feidhme ar bhonn na bhforálacha sin, ar bhealach go bhféadfaidh an reachtas nó an riarachán poiblí coinníoll a fhorchur chun a bheith rannpháirteach sa nós imeachta maidir le lamháltais chluichíocht a ath-dhámhachtain go mbeidh an lamháltóir rannpháirteach sa scéim um shíneadh teicniúil, fiú má chuirtear cosc ar an bhféidearthacht na coinníollacha maidir le reáchtáil an lamháltais a athchaibidliú chun iad a chothromú, mar thoradh ar theagmhais gan choinne agus neamh-intuartha nach bhfuil inchurtha i leith na bpáirtithe agus a dhéanann difear suntasach do na gnáthdhálaí riosca oibriúcháin, fad is a leanann na coinníollacha sin de bheith ann agus chomh fada agus is gá chun na coinníollacha bunaidh maidir le feidhmiú na lamháltas a athbhunú, más féidir?

4) In aon chás, an gcuirtear cosc le hAirteagal 49 agus le hAirteagal 56 CFAE agus prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na héifeachtachta dlíthiúla agus prionsabal na cosanta d'ionchais dhlisteanacha ar léiriú nó ar chur i bhfeidhm forálacha reachtacha náisiúnta nó cleachtais cur chun feidhme ar bhonn na bhforálacha sin, ar bhealach a bhainfeadh den riarachán an lánrogha chun nós imeachta riaracháin a thionscnamh, arna iarraidh sin ag na páirtithe leasmhara, arb é is aidhm dó leasú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le lamháltais a fheidhmiú, le nós imeachta nua dámhachtana nó gan é, ag brath ar cé acu a aicmítear nó nach n-aicmítear athchaibidlíocht na cothromaíochta conarthaí mar athrú substaintiúil, i gcásanna ina dtarlaíonn teagmhais gan choinne agus neamh-intuartha nach bhfuil inchurtha i leith na bpáirtithe agus a dhéanann difear suntasach do na gnáthdhálaí riosca oibriúcháin, fad is a leanann na coinníollacha sin de bheith ann agus chomh fada agus is gá chun na coinníollacha bunaidh maidir le feidhmiú na lamháltas a athbhunú, más féidir?

5) An gcuirtear cosc le hAirteagal 49 agus le hAirteagal 56 CFAE, agus le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na héifeachtachta dlíthiúla agus prionsabal na cosanta d'ionchais dhlisteanacha ar léiriú nó ar chur i bhfeidhm forálacha náisiúnta, nó cleachtais cur chun feidhme ar bhonn na bhforálacha sin, sa chiall go bhféadfaidh an reachtas nó an riarachán poiblí coinníoll a fhorchur chun a bheith rannpháirteach sa nós imeachta maidir le lamháltais chluichíocht a ath-dhámhachtain go mbeidh an lamháltóir rannpháirteach sa scéim um shíneadh teicniúil, fiú má chuirtear cosc ar an bhféidearthacht na coinníollacha maidir le reáchtáil an lamháltais a athchaibidliú chun iad a chothromú, mar thoradh ar theagmhais gan choinne agus neamh-intuartha nach bhfuil inchurtha i leith na bpáirtithe agus a dhéanann difear suntasach do na gnáthdhálaí riosca oibriúcháin, fad is a leanann na coinníollacha sin de bheith ann agus chomh fada agus is gá chun na coinníollacha bunaidh maidir le feidhmiú na lamháltas a athbhunú, más féidir?

6) Ar bhonn níos ginearálta, an gcuirtear cosc le hAirteagal 49 agus le hAirteagal 56 CFAE agus le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na héifeachtachta dlíthiúla agus prionsabal na cosanta d'ionchais dhlisteanacha ar reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena bhforáiltear go n-íocfaidh oibreoirí hallaí Biongó táille costasach ar shíneadh teicniúil go míosúil nach bhforáiltear dó sna doiciméid lamháltais bhunaidh, táille atá den mhéid céanna do gach cineál oibreora agus arna leasú ó am go ham ag an reachtas gan aon nasc a bheith cruthaithe le saintréithe ná le feidhmiú caidreamh lamháltais aonair, más féidir?

([1]) IO 2014 L 94, lch. 1.
([2]) Treoir 89/665/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhordú na bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithniúcháin chun conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí a dhámhachtain (IO 1989 L 395, lch. 33).